



ÚDARÁS UCHTÁLA na hÉIREANN
THE ADOPTION AUTHORITY of IRELAND

Plean Gnó 2017

Údarás Uchtála na hÉireann Plean Gnó 2017

Réamhrá

Tá an tÚdarás Uchtála ag tnúth go mór leis an mbliaín seo chugainn agus tá sé muiníneach go mbeidh sé in ann leanúint den ról agus seirbhísí atá aige a chur chun cinn i gcomhréir lena chúram reachtach, ar mhaithe le feabhas leanúnach a bhaint amach. Tá an tÚdarás bródúil as an méid atá bainte amach ó bunaíodh an eagraíocht i mí na Samhna 2010, tar éis thosach an Achta Uchtála 2010. Beidh baint ag an Údarás leis na cuspóirí atá bainte amach aige a neartú agus feabhas leanúnach a chur ar sheirbhísí, chomh maith le bheith in ann glacadh le hathruithe nua de réir mar is gá.

Tá an tÚdarás ag brath ar agus meas mór aige ar an obair i gcomhar a dhéanann sé le go leor comhpháirtithe seachtracha maidir lena ról a chomhlíonadh agus tá sé mar phríomhaidhm ag an Údarás an caidreamh tábhachtach seo a neartú sa tréimhse atá ag teacht.

Tá sé mar aidhm againn uile na caighdeáin is airde is féidir i leith na huchtála agus i leith na seirbhísí a bhaineann le huchtáil a chur ar fáil, i gcomhréir lenár gcuid oibleagáidí dlí agus polasaí ach atá i gcomhréir leis na teorainneacha atá ar ár acmhainní freisin.

Foireann an Údaráis a chinnteoidh go n-éireoidh leis an bPlean Gnó, agus tá an t-ádh orainn go bhfuil grúpa foirne atá tiomanta agus oilte againn.

Léirítear na cuspóirí agus gníomhaíochtaí atá pleanáilte againn don bhliain seo chugainn sa Chúig Chuspóir Straitéiseach atá glactha againn don Phlean Corparáideach agus do Bhliain 2 do chur i bhfeidhm an Phlean Chorporáidigh.

De bharr roinnt píosaí nua reachtaíochta, lena n-áirítear an Bille Uchtála (Leasú) agus an reachtaíocht um Fhaisnéis & Lorgaireacht, éileofar ar an Údarás bheith ullamh don reachtaíocht agus freagra a thabhairt uirthi ar bhealach sofhreagrúil agus réamhghníomhach.

Is mór againn an tacaíocht mhór a fhaigheann muid ón Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige agus an Roinn agus na príomhpháirtithe leasmhara go léir.

Patricia Carey, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Spríocanna agus Cuspóirí a leagtar amach i bPlean Corparáideach an Údaráis Uchtála 2015-2019.

Spríoc 1:

An caighdeán is airde agus is féidir a bhaint amach i rialú agus i bhfeidhmiú seirbhísí uchtála in Éirinn.

Spríoc 2:

Cinnteoireacht atá eolach agus cothrom a chur i bhfeidhm sna seirbhísí uchtála, de réir an dlí náisiúnta agus idirnáisiúnta agus sárchleachtas atá bunaithe ar fhianaise.

Spríoc 3:

Eolas a chur ar fáil do bheartas uchtála agus do sheachadadh seirbhíse trí thuiscint phraiticiúil ar oibríochtaí na reachtaíochta trí chreat cuimsitheach faisnéise, taighde agus cumarsáide a sholáthar.

Spríoc 4:

Pleanáil d'athruithe agus athruithe a chur i bhfeidhm atá riachtanach ó thaobh beartais eagraíochta agus nósanna imeachta oibríochta ag teacht le hathruithe reachtaíochta atá ag teacht chun cinn.

Spríoc 5:

Eagraíocht atá éifeachtúil, inniúil agus atá ag foghlaim a chothabháil.

Tá an AAI ag feidhmiú le 23.6 coibhéis lánaimseartha. 26 a bheadh sa líon iomlán reatha foirne dá líonfaí gach post ar bhonn lánaimseartha. Tugtar ar aird gurb é 26 an ECF a bhí i bpleananna gnó roimhe seo.

Braithfidh líon fostaithe an Údaráis a bheidh ann le linn tréimhse an Phlean ar acmhainní breise a cheadóidh an Rialtas Láir.

Patricia Carey
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Spríoc 1:

An caighdeán is airde agus is féidir a bhaint amach i rialú agus i bhfeidhmiú seirbhísí uchtála in Éirinn.

Cúraimí	Gníomhartha	Dáta	Aonad/Duine(daoine) atá freagrach	KPI-anna / Aschuir	Tagairt don Phlean Corparáideach - Aguisín a hAon
Foirmeacha agus treoracha leasaithe a scaipeadh ar húsáideoirí	Faoi réir reachtaíocht a rith agus a achtú, foirmeacha agus treoracha a thabhairt chun críche arbh éigean iad a leasú chun reachtaíocht nua a chomhlíonadh Ranna cuí an láithreáin gréasáin a nuashonrú	Nuair a bheidh reachtaíocht chuí a chaithe	DAU/ICA/SW Seirbhísí Corparáideacha/ Foireann ghréasáin	Foirmeacha agus treoracha leasaithe agus nuashonraithe curtha ar fáil do gach úsáideoir ar bhealach tráthúil. Seachnaíodh moilleanna maidir le hiarratais a phróiseáil mar gheall gur cuireadh foirmeacha as dáta ar aghaidh nó gur leanadh gnásanna as dáta.	1.1 DE RÉIR SPRICE Foirmeacha agus treoracha a ullmhú tosaithe i mbliain 1 - ag fanacht ar thabhairt chun críche reachtaíochta atá le scaipeadh
Cloígh le Sceideal Iniúchtaí na gComhlachtaí Creidiúnaithe	Achoimre feidhmiúcháin maidir le cigireachtaí a rinneadh ar an láithreán gréasáin in 2016 Cigearachtaí ar dhá chomhlacht creidiúnaithe a chur i gcrích	R1 R2, R4	Seirbhísí Corparáideacha/ Foireann ghréasáin SW/ICA/ Seirbhísí Corparáideacha	Achoimre feidhmiúcháin maidir le cigireachtaí a rinneadh in 2016 a foilsíodh ar an láithreán gréasáin tar éis don Bhord athbhreithniú a dhéanamh air agus formheas a fháil ón mBord. Dhá thuarascáil cigearachta curtha i dtoll a chéile agus achoimrí feidhmiúcháin ar an láithreán gréasáin	1.1 DE RÉIR SPRICE Teimpléad le haghaidh cigearachtaí curtha i gcrích i mbliain 1 agus dhá chigearacht curtha i gcrích. Sceideal na gCigearachtaí comhaontaithe do Bhliain 2 Foilsíú na dTuarascálacha Cigearachta sceidealaithe, R1
Gach comhlacht a chuireann seirbhísí uchtála ar fáil a athchreidiúnú agus a athchlárú	Treoracha maidir le HHAMA a eisiúint chun iad a chur ar an eolas faoin bpróiseas athchreidiúnaithe agus na hamlínte le freagra a thabhairt - téann creidiúnú in éag 11 Meitheamh 2017	Aibreán	Seirbhísí Corparáideacha/Board	Próiseálfar iarratas HHAMA ar chreidiúnú ar bhealach tráthúil ar mhaithe le leanúnachas seirbhíse a chinntiú	1.3 Tosaithe i mbliain 1 agus leanfar leis le linn gach bliain den Phlean
Gníomhaireachtaí nua a dhéanann iarratas a chreidiúnú	Maidir le gníomhaireachtaí nua a bhfuil creidiúnú á lorg acu, cuir treoracha maidir leis an bpróiseas creidiúnaithe ar fáil dóibh, cuidigh leo leis an iarratas agus cuir an t-iarratas ar aghaidh chuig an mBord in am trátha	Ar lean de réir mar is gá	Seirbhísí Corparáideacha/Bord	Próiseálfar gníomhaireachtaí a dhéanfaidh iarraidh ar athchreidiúnú den chéad uair ar bhealach tráthúil agus cuirfear cinneadh ar fáil dóibh ina leith chomh luath agus is féidir.	1.3 Tosaithe i mbliain 1 agus leanfar leis le linn gach bliain den Phlean

Monatóireacht a dhéanamh ar fhéintuairisciú a dhéanann comhlachtaí creidiúnaithe agus an Bord a choinneáil ar an eolas faoi stádas na gcomhlachtaí creidiúnaithe	Monatóireacht a dhéanamh ar spriocanna maidir le tuarascálacha a chur ar aghaidh agus teagmháil a dhéanamh le comhlachtaí creidiúnaithe ar an bpointe mura mbaintear spriocanna amach Tuarascálacha míosúla a chur ar fáil do Bhord an Údaráis maidir le	Ar lean Ar bhonn míosúil	Seirbhísí Corparáideacha Seirbhísí Corparáideacha/ CEO	Líon na dtuarascálacha a chuirtear ar aghaidh déanach laghdaithe Bord an Údaráis curtha ar an eolas i gcónaí faoi aon shaincheisteanna	1.1 1.3 Tosaithe i mBliain 1 agus leanfar leis le linn gach bliain den Phlean
--	---	---------------------------------	---	---	---

Cúraimí	Gníomhartha	Dáta	Aonad/Duine(daoine) atá freagrach	KPI-anna / Aschuir	Tagairt don Phlean Corparáideach - Aguisín a hAon
	comhlachtaí creidiúnaithe			maidir leis na comhlachtaí creidiúnaithe	
Plean teagmhasach a fhorbairt le cur i bhfeidhm i gcás go ndúlfar HHAMA	Cuairt a thabhairt ar HHAMA agus measúnú a dhéanamh ar a d'fhéadfadh a bheith riachtanach chun plean den sórt sin a chur i bhfeidhm. Fo-choiste a bhunú chun plean den sórt sin a chur ar fáil	R1	ICA/SW	Plean maidir le huchtuithe atá ar bun faoi láthair a chur i gcrích agus chun seirbhís leanúnach a bhunú agus a chur i bhfeidhm in ionad HHAMA	Ábhar breise: Nach raibh sa Phlean Corparáideach ón tús
Athbhreithniú a dhéanamh ar an gCreat Caighdeánaithe maidir le hIncháilitheacht & Oiriúnacht	Grúpa Athbhreithnithe AAI chun obair i gcomhar le TUSLA agus DCYA maidir leis an athbhreithniú	R2	ICA/ SW	Creat arna chomhaontú go frithpháirteach i bhfeidhm a éascaíonn freagrachtaí na gcleachtóirí ar bhonn uilechoiteann.	1.1
Déabhlóidigh seirbhísí idirghabhála don Téalainn agus do na Filipíní chuig HHAMA	Scríobh chuig an dá thír chun cead a fháil maidir le hoibríochtaí HHAMA sa tír féin.	R2	ICA	Oibríocht HHAMA glactha ag an Téalainn agus na Filipíní agus togra maidir le haistriú le bheith curtha chuig an mBord lena athbhreithniú agus chun cinneadh a fháil.	2.4 Tús curtha le hobair ullmhúcháin

Seimineáir agus Fóraim a Reáchtáil / Óstáil	Cainteoirí, áiseanna agus cáipéisíocht tacaíochta a shocrú do gach imeacht. Cuirí a eisiúint agus éascaíocht a dhéanamh ag imeachtaí	R2, R4	SW/Seirbhísí Corparáideacha Bord maidir le seimineáir	Eagraíodh trí sheimineáir agus ceithre fhóram chun caighdeánú agus leanúnachas i gcleachtais a chur ar fáil; faisnéis maidir le reachtaíocht atá ag teacht nó reachtaíocht nua, agus tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach Páirtithe leasmhara gairmiúla ag cleachtadh le faisnéis nuashonraithe. Tugtar tacaíocht d'Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach i gcleachtadh seirbhísí uchtála.	1.2 3.1 DE RÉIR SPRICE Tosaithe i mBliain 1 agus leanfar leis le linn gach bliain den Phlean
Comhairliúchán le páirtithe leasmhara	Dhá chruinniú Boird le sceidealú laismuigh de Bhaile Átha Cliath - ceann i nGaillimh agus ceann i bPort Láirge. Teagmháil a dhéanamh le rannpháirtithe cheardlann an OCO in 2016 chun aiseolas maidir leis na feabhsúcháin a rinneadh ar áiseanna agus ar ár láithreán gréasáin do dhaoine óga.	R1 R4 R2	CEO/SW/ Seirbhísí Corparáideacha CEO/SW/ Seirbhísí Corparáideacha	Deis curtha ar fáil chun bualadh le daoine a oibríonn sna seirbhísí áitiúla uchtála, le grúpaí agus ionadaithe ón bpobal agus teagmháil a dhéanamh leo. Deis chun tuairimí pearsanta a chloisteáil maidir leis an obair atá déanta againn agus d'fhéadfadh feabhsúcháin eile a bheith	3.1. DE RÉIR SPRICE Tosaithe i mBliain 1 agus leanfar leis le linn gach bliain den Phlean Cúrsa Phort Láirge curtha siar go dtí 2018
Cúraimí	Gníomhartha	Dáta	Aonad/Duine(daoine) atá freagrach	KPI-anna / Aschuir	Tagairt don Phlean Corparáideach - Aguisín a hAon
				molta. Aitheantas go léiríonn an tÚdarás leanbhílnachas ag éisteachtaí	

Limistéir phobail an Údaráis a fheabhsú	<p>Trí sheomra cruinnithe a athchóiriú.</p> <p>Seomra a dhearadh a thaitneodh le daoine 12-17 mbliana go háirithe</p> <p>Áit na leanaí sa seomra cruinnithe ag an bhfáiltiú a athstocáil agus a athshocrú</p>	<p>R1</p> <p>R1</p> <p>R1</p>	Seirbhísí Corparáideacha/SW	<p>Cuma agus atmaisféar na seomraí a fheabhsú le go mbeidh eispéireas níos compordaí ag daoine a bheidh ag freastal ar chruinnithe duine le duine leis an bhfoireann SW nó daoine a bheidh ag fanacht ar éisteachtaí faoi bhráid an Bhoird.</p> <p>Cuma agus atmaisféar a fheabhsú sna seomraí le go mbeidh timpeallacht nach bhfuil chomh foirmiúil ná scanrúil sin ag leanaí. Éascófar guth an linbh a chloisteáil mar a cheanglaítear faoin reachtaíocht. Beidh spás cairdiúil chun fanacht ann ag leanaí níos óige a bheidh ag freastal ar Orduithe san Údarás, ina mbeidh bréagáin agus leabhair aoisoiriúnacha chun an t-eispéireas ginearálta a bheidh ag an teaghlach an lá sin a fheabhsú.</p>	<p>3.1</p> <p>Athchóiriú ar an limistéar fáiltithe agus ar an seomra fáiltithe curtha i gcrích</p>
Láithreán gréasáin a chur chun cinn agus a fhorbairt	Roinn a chruthú agus a fhorbairt go háirithe do dhaoine óga	R2-R3	Seirbhísí Corparáideacha/SW	Beidh daoine óga a bhfuil teacht acu ar an láithreán gréasáin in ann teacht ar an bhfaisnéis atá ag teastáil uathu, a chuirfear ar fáil ar bhealach a bheidh éasca do leanaí a úsáid. Ullmhóidh sin na leanaí ar bhealach níos fearr roimh lá an ordaithe uchtála, agus tabharfaidh léargas níos fearr dóibh faoina mbeidh rompu.	<p>3.3.</p> <p>Láithreán gréasáin nua seolta i mBliain 1, beidh an fhorbairt seo críochnaithe mar a bhí beartaithe do Bhliain 2</p>

Sprioc 2:

Cinnteoireacht atá eolach agus cothrom a chur i bhfeidhm sna seirbhísí uchtála, de réir an dlí náisiúnta agus idirnáisiúnta agus sárchleachtas atá bunaithe ar fhianaise.

Cúraimí	Gníomhartha	Dáta	Aonad/Duine(daoine) atá freagrach	KPI-anna / Aschuir	Tagairt don Phlean Corparáideach - Aguisín a hAon
<p>Cinntí atá eolach agus tráthúil a dhéanamh maidir le: - dearbhuithe incháilitheachta agus oiriúnachta chun uchtáil a dhéanamh a dheonú - orduithe uchtála a dhéanamh - - orduithe uchtála idir tíortha a aithint</p> <p>Orduithe Uchtála - Tarchur Airteagal 17</p>	<p>Maidir le cúraimí roinnte, cloígh le hamanna comhlánaithe agus próiseála.</p> <p>Leanúnachas maidir leis an bhformáid a bhaineann le bileoga cásanna a chuirtear i láthair.</p> <p>Monatóireacht a dhéanamh ar ghnásanna reatha maidir le feabhsúchán a d'fheadfadh a bheith déanta</p> <p>Tacú le critéir chuí i ndáil le cinnteoireacht ar iontrálacha RICA a chur ar fáil</p> <p>Comhoibriú ón mBord riachtanach i ndáil le leanúnachas sna cinntí. Treoir shoiléir agus thrédhearcach ar na gnéithe suibhachtúla den Acht Uchtála le tabhairt ag an mBord.</p>	Ar lean	ICA/ DAU/ SW, Med Adv/MDT	<p>Cinntí tráthúla, cothromais, thrédhearcacha agus ar ardchaighdeán.</p> <p>Leanadh próiseas cuí.</p> <p>Iarratais ar iontrálacha RICA le bheith cothromasach, cóir agus soiléir.</p>	<p>2.1 Tosaithe i mBliain 1 agus leanfar leis le linn gach bliain den Phlean</p> <p>2.2</p>
<p>Uchtuithe ar fad d'aon duine a bheidh 18 mbliana d'aois go luath curtha i gcrích</p>	<p>Tá córas luathrabhaidh i bhfeidhm ag Tusla agus AAI chun daoine a bheidh 18 mbliana d'aois go luath a chur in iúl.</p> <p>Tús áite tugtha do phróiseas uchtála, agus Bord an AAI curtha ar an eolas faoi chásanna criticiúla.</p> <p>Sraith critéar chomhaontaithe maidir leis an athbhreithniú a dhéanann an Bord ar chásanna den sórt sin curtha i bhfeidhm idir Tusla agus AAI</p>	Ar Lean	CEO a nascadh le Ceann Seirbhísí Uchtála, Tusla	<p>Gan moill a chur ar aon uchtú</p> <p>Ag brath i bpáirt ar phróiseas Tusla maidir le hiarratasóirí a mheas agus aon saincheisteanna a tharlaíonn roimh uchtú a réiteach</p>	2.1

	Ard-Chúirt, trí chomhairleoirí dlí AAI, curtha ar an eolas faoin phráinn a bhaineann le cásanna ábhartha				
Teagmháil a dhéanamh le hÚdarás Lárnacha Náisiúnta Choinbhinsiún na Háige i gcomhréir leis an bPlean Corparáideach.	Deiseanna maidir le clár ICA le Háití agus an Afraic Theas a chur ar bun a lorg		CEO/DoOCS R1 R2	Tograí maidir le rannpháirtíocht le hÚdarás Lárnacha nua a chur ar aghaidh chuig an Roinn sula gcuirfear tús le haon idirbheartaíochtaí le tíortha AAI	2.4 Ar lean le linn gach bliain den Phlean Cuairt ar Háití sceidealaithe go luath i mí Aibreáin,

Cúraimí	Gníomhartha	Dáta	Aonad/Duine(daoine) atá freagrach	KPI-anna / Aschuir	Tagairt don Phlean Corparáideach - Aguisín a hAon
			Q3	nach raibh siad i dteagmháil leo cheana. Comhaontú CA & an Bhoird ar shocrúcháin nua le go mbeidh comhlacht creidiúnaithe nua ag obair i ngach tír. Cuairt a thabhairt ar Háití. Roghanna maidir le dul chun cinn a dhéanamh ar chomhaontú leis an tSín a athbhreithniú. Cuairt a thabhairt ar Údarás Lárnach na Bulgáire.	An Bhulgáir níos déanaí in 2017

Cinntí atá eolach agus tráthúil a dhéanamh maidir le scaoileadh faisnéise aitheantais d'uchtaithe fásta agus do thuismitheoirí breithe.	Amanna comhlánaithe a choinneáil i gcinntí roinnte. Comhairliúchán idir Aonad I&T, Aonad SW and comhlachtaí creidiúnaithe chun freagraí tráthúla ar iarrataí a chur ar fáil. Bileoga cuimsitheacha maidir leis an gcás a chur ar fáil don Bhord le go mbeidh siad in ann cinntí a dhéanamh ar bhealach tráthúil de réir mar is gá.	Ar Lean	I&T/SW	Freagraí a thabhairt ar iarrataí ar eolas ar bhealach tráthúil agus taobh istigh de na paraiméadair atá ceadaithe in éagmais reachtaíocht áirithe. Cinntí tráthúla, próiseas soiléir agus cothromais.	2.3
Leanúint de na hAchtanna FOI a chur i bhfeidhm	Oiliúint a chur ar phríomhbhaill na foirne de réir mar is cúí An fhoireann a choinneáil ar an eolas maidir le hathruithe Staitisticí a fhoilsiú	Ar Lean	Seirbhísí Corparáideacha	Déileáil le hiarrataí i gcomhréir le forálacha reachtúla. Staitisticí a fhoilsiú ar láithreán gréasáin ar bhonn ráithiúil.	5.3
Leanúint de na hAchtanna DP a chur i bhfeidhm	Oiliúint chuí le bheith curtha ar fáil d'Oifigeach Cosanta Sonraí maidir leis an Acht nua An Fhoireann uile le bheith curtha ar an eolas faoi impleachtaí an Achta nua Lámhleabhair oibriúcháin a nuashonrú de réir mar a bhíonn gá leis sin	R2 - R3	Taifid Aonad/Seirbhísí Corparáideacha	Déileáil le hiarrataí i gcomhréir le forálacha reachtúla. Comhlíonfaidh an tÚdarás an tAcht nua go hiomlán nuair a thiocfaidh sé i bhfeidhm in 2018	5.3
Córas maidir le bainistíocht doiciméad agus comhtháite sonraí a bhunú lena n-áirítear na sonraí ar fad a stóráiltear ar	'Mianliosta' a chur le chéile maidir leis na nithe a cheart a thaifeadh agus an tuarascáil a cheart a dhéanamh	R4	Seirbhísí Corparáideacha leis na haonaid uile	Léargas soiléir ar a bhfuil riachtanach	2.2.5 & 5.3 Plean trí bliana a bhí le tosú ag deireadh bhliain 1.
Cúraimí	Gníomhartha	Dáta	Aonad/Duine(daoine) atá freagrach	KPI-anna / Aschuir	Tagairt don Plean Corparáideach - Aguisín a hAon

bhunachair sonraí reatha chomh maith le Clár na nUchtálacha Idir Tíortha, Clár na nAithreacha Breithe, Clár Aitheantais Inscne (ICA).	Córais Taighde a úsáidtear i gcomhlachtaí eile den chineál céanna Tairiscint ar sholáthraí córais a chur isteach Oiliúint a chur ar fáil de réir mar is gá		Seirbhísí Corparáideacha/Taifid Aonad Seirbhísí Corparáideacha Seirbhísí Corparáideacha	Cloíodh le treoirlínte soláthair agus tá an luach is fearr ar airgead bainte amach. Córas cuimsitheach i bhfeidhm a chuireann ar chumas an Údaráis sonraí a thaifeadh go sábháilte agus tuairisciú ar shonraí atá i seilbh na n-údarás gan mhoill agus go seasta. Tá an fhoireann uile in ann an córas a úsáid i gceart agus tá siad ar an eolas faoi ghnóthaí gaolmhara amhail Cosaint Sonraí Féadann tuairisciú gasta agus cruinn cur leis an bpróiseas cinnteoireachta ar fud na heagraíochta lena n-áirítear polasaí, treochothaí, buiséadú agus acmhainní foirne	Tús curtha le hobair ullmhúcháin R1 2017
Scanadh comhad ICA a bheartú mar chéad chéim i dtreo sonraí a chosaint (cáipéisíocht na n-aonad eile scanta cheana féin)	Cead ón mBord a fháil	Q3	ICA/Bord	Costas Phlean an Tionscadail le cur ar aghaidh chuig an mBord	5.3
Monatóireacht déanta agus aghaidh tugtha ar Rioscaí ICT	Seicliosta maidir le hathbheithniú ar bharda chuig RAC	Go ráithiúil	Ceann Comhlíontachta agus Acmhainní	Rioscaí aitheanta agus tugadh aghaidh go hiomchuí orthu.	2.2.6

Sprioc 3:

Eolas a chur ar fáil do bheartas uchtála agus do sheachadadh seirbhíse trí thuiscint phraiticiúil ar oibríochtaí na reachtaíochta trí chreat cuimsitheach faisnéise, taighde agus cumarsáide a sholáthar.

Cúraimí	Gníomhartha	Dáta	Aonad/Duine(daoine) atá freagrach	KPI-anna / Aschuir	Tagairt don Phlean Corparáideach - Aguisín a hAon
---------	-------------	------	-----------------------------------	--------------------	---

Láithreán gréasáin a fheabhsú agus a fhorbairt mar phríomhfhoinsé eolais don phobal	Coinneáil ábhar an láithreáin gréasáin cothrom le dáta Faisnéis maidir le daoine óga a bhfuil baint acu le cúrsaí uchtála a chur ar fáil Seirbhísí Iaruchtála a Athbhreithniú	Ar lean R2	Gach SW/Seirbhísí Corparáideacha	Nuashonraítear an fhaisnéis de réir mar is gá - foilsítear staitisticí ar bhealach tráthúil Ceisteanna Coitianta faoi éisteachtaí uchtála do dhaoine óga	3.3 Láithreán gréasáin seolta mar a bhí beartaithe i mBliain 1 - leanfar le nuashonruithe agus feabhsúcháin leanúnacha le linn gach bliain den Phlean
---	---	-------------------	---	---	--

Cúraimí	Gníomhartha	Dáta	Aonad/Duine(daoine) atá freagrach	KPI-anna / Aschuir	Tagairt don Phlean Corparáideach - Aguisín a hAon
	Eolaire Sceideal chun dul i gcomhairle le comhlachtaí creidiúnaithe agus páirtithe leasmhara eile a chur i dtoll a chéile ar mhaithe le cruinneas agus bailíocht na faisnéise a chinntiú Athbhreithniú inmheánach a dhéanamh ar ábhar agus ar na tuairimí a seoladh tríd an rannán 'Déan Teagmháil Linn' nó aiseolas ó pháirtithe leasmhara	De réir mar is gá Gach 6-8 seachtaine	SW Foireann ghréasáin	foilsithe ar láithreán gréasáin Eolaire Cothrom le Dáta Feabhsúcháin agus ceartúcháin a dhéanamh ar bhealach tráthúil. Cur leis an eolas atá ag páirtithe leasmhara faoin láithreán gréasáin. Is féidir leis an bhFoireann leanúint de ghlaiteoirí a atreorú chuig an láithreán gréasáin agus iad ar eolas go bhfuil an fhaisnéis cruinn, cothrom le dáta agus éasca le tuiscint.	

<p>Tabhairt faoi thionscadail taighde, deiseanna taighde a chur chun cinn</p>	<p>Leanúint de thacaíocht acmhainne a chur ar fáil d'Fho-Choiste Taighde</p> <p>Tairiscint ar thionscadal a chur isteach - comhthiomsú taighde na hÉireann eisithe</p> <p>Tionscadal curtha i gcrích agus tuarascáil curtha ar aghaidh chuig Bord</p> <p>Sonraí an phoist maidir leis an gconradh do Thaighdeoir i bhfeidhm</p> <p>Startha ó bhéal a bhailiú agus a chur i dtoll a chéile</p> <p>Deis ag an bhfoireann ICA chun dul i gcomhairle le daoine eile a oibríonn i dtíortha eile de chuid na Háige maidir le taithí a roinnt</p> <p>- Comhdhálacha a d'fhéadfadh a bheith sa Háig</p>	<p>R1-R4</p> <p>R1</p> <p>R3</p> <p>R2</p> <p>R3</p>	<p>Fo-choiste taighde / SW/Seirbhísí Corparáideacha</p> <p>Fo-choiste taighde</p> <p>Fo-choiste taighde</p> <p>Fo-choiste taighde</p> <p>ICA/SW</p>	<p>Tuarascáil chuimsitheach maidir le taighde ar chúrsaí uchtála na hÉireann ar fáil chun cabhrú le tionscadail eile</p> <p>Beidh teacht ag AAI ar thaighdeoir atá cáilithe go cuí chun cuidiú le tionscadal ar stair ó bhéal agus tionscadail eile in 2017 agus 2018</p> <p>Faisnéis idir tíre a chur</p>	<p>3.5</p> <p>DE RÉIR SPRICE</p> <p>Tosaithe i mBliain 1 agus fós ar bun i ngach bliain de Phlean</p>
<p>Cúraimí</p>	<p>Gníomhartha</p>	<p>Dáta</p>	<p>Aonad/Duine(daoine) atá freagrach</p>	<p>KPI-anna / Aschuir</p>	<p>Tagairt don Phlean Corparáideach - Aguisín a hAon</p>
				<p>chuig Bord chun cuidiú lena gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh.</p>	

Foinse leabharlainne a fhorbairt	<p>Liosta de gach rud atá reatha ar an láthair sa leabharlann a chur le chéile agus mar a stóráiltear é a shocrú</p> <p>Córas taifeadta a shocrú le go mbeifear in ann ábhar a fuarthas ar iasacht a chuardach agus a aimsiú</p> <p>'Mianliosta' a chur le chéile d'fhoilsiúcháin eile agus ábhar acmhainne</p> <p>Leagan amach fisiciúil na leabharlainne a fheabhsú. Spás oibre chun críocha taighde a chruthú</p>	<p>R2-R3</p> <p>R3</p> <p>R2</p> <p>R2-R3</p>	<p>Seirbhísí Corparáideacha/SW</p> <p>Seirbhísí Corparáideacha</p> <p>Seirbhísí Corparáideacha/Gach</p> <p>Seirbhísí Corparáideacha</p>	<p>Fardal curtha i gcrích</p> <p>Tograí i bhfeidhm maidir le hábhar acmhainne riachtanach agus córas rianaithe - a chuirfear i bhfeidhm má tá buiséad ar fáil in R3</p> <p>Seomra níos éasca lena úsáid ar fáil, úsáid uasta acmhainní ar fáil</p>	<p>3.5</p>
Cumarsáid soiléir leis an bpobal agus páirtithe leasmhara chun aitheantas corparáideach a chuimsiú	<p>Cumarsáid ó bhéal, cumarsáid scríofa agus leictreonach a mheas Rannpháirtíocht leanúnach le NALA. Teimpléid chaighdeánaithe litreach agus tuarascála a dhearadh agus a chur i bhfeidhm</p> <p>Úsáid leanúnach den lógó ar láithreán gréasáin / cur i láthair / foilsiúcháin / ríomhphoist srl. a chinntiú</p>	<p>R2</p> <p>Ar lean R2</p> <p>Ar lean</p>	<p>Seirbhísí Corparáideacha</p>	<p>Leanúnachas maidir le híomhá, an stíl a dhéantar cumarsáid, teanga.</p>	<p>3.2</p> <p>3.3</p>
Tacú le DCYA maidir le beartas agus reachtaíocht a bhaineann le cúrsaí uchtála a thabhairt chun cinn	<p>Leanúint de staitisticí agus aighneachtaí a chur ar fáil de réir mar is gá.</p>	<p>Ar lean</p>	<p>Gach Bord</p>	<p>Dul chun cinn déanta ar pholasaithe agus reachtaíocht níos eolasaí agus ábhartha.</p>	<p>3.6</p> <p>Fós ar bun i ngach bliain den Phlean</p>

Sprioc 4:

Pleanáil d'athruithe agus athruithe a chur i bhfeidhm atá riachtanach ó thaobh beartais eagraíochta agus nósanna imeachta oibríochta ag teacht le hathruithe reachtaíochta atá ag teacht chun cinn.

Cúraimí	Gníomhartha	Dáta	Aonad/Duine(daoine) atá freagrach	KPI-anna / Aschuir	Tagairt don Phlean Corparáideach - Aguisín a hAon
An Bille Uchtála (Leasú) 2016	Impleachtaí a bhaineann leis an reachtaíocht nua a scaipeadh ar na páirtithe leasmhara ar fad	Cathain foilsithe (Márta - Meitheamh 2017)	DAU	Próiseas, nósanna imeachta agus foirmeacha leasaithe agus nuashonraithe de réir mar is gá.	4.1 4.2 3.2 3.3 Réamhobair curtha i gcrích, ag feitheamh lena achtú
An tAcht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh	Impleachtaí a bhaineann leis an reachtaíocht nua a scaipeadh ar na páirtithe leasmhara ar fad	Ar lean, go dtí go n-achtófar an reachtaíocht	Gach	Soiléireacht i measc cleachtóirí maidir le hachtú na mbeartas atá san Acht.	4.1 4.2 3.2 3.3 Réamhobair curtha i gcrích, ag feitheamh lena achtú

<p>Ullmhúchán maidir le Faisnéis agus Faisnéis ar Reachtaíocht Rianaithe</p> <p>a Roinnt</p>	<p>Leanúint de pháirt a ghlacadh i nGrúpa Oibre na dTaifead Uchtála (ARWG) le Tusla agus DCYA.</p> <p>Leanúint de pháirt a ghlacadh i bhfo-ghrúpa an Chláir um Fhiosruithe Teagmhála Uchtála le TUSLA agus DCYA</p> <p>Leanúint de pháirt a ghlacadh i bhfo-ghrúpa chun feachtas feasachta/sna meáin a ullmhú i gcomhar le Tusla agus DCYA</p>	<p>Ar lean, go dtí go n-achtófar an reachtaíocht</p>	<p>I&T/CEO/ Taifid</p> <p>I&T</p> <p>I&T/CEO</p>	<p>Coinnítear na páirtithe uile cothrom le dáta maidir leis an dul chun cinn atá á dhéanamh bille a rith agus achtú roinnt alt. Na páirtithe uile ag obair i gcomhar ar bhealach comhordaithe chun aistriú feidhmeanna de réir a chéile a éascú de réir mar is gá.</p> <p>Comhthuiscint maidir leis na himpleachtaí do na páirtithe leasmhara uile maidir le haistriú freagrachtaí Próiseas deartha agus comhaontaithe le Tusla maidir leis an tionchar a bheidh ag an gcur i bhfeidhm</p> <p>Foirm iarratais phraiticiúil agus éasca lena húsáid maidir le hachtú na reachtaíochta ar fáil agus treoirlínte atá éasca lena leanúint foilsithe.</p>	<p>4.1 4.2 3.2 3.3</p> <p>Ar lean</p> <p>Ag feitheamh le reachtaíocht deiridh agus achtú</p>
--	--	--	--	---	--

Cúraimí	Gníomhartha	Dáta	Aonad/Duine(daoine) atá freagrach	KPI-anna / Aschuir	Tagairt don Phlean Corparáideach - Aguisín a hAon
---------	-------------	------	-----------------------------------	--------------------	---

	<p>Cruinniú foirmeálta le Comhlachtaí Creidiúnaithe maidir le Tionchar a bhaineann le Bille I&T a achtú.</p> <p>Faisnéis maidir le Bille a scaipeadh go náisiúnta</p>	<p>an 10 Márta agus de réir mar is gá</p> <p>Ar lean, go dtí ndéanfar achtú</p>	<p>CEO/I&T/taifid/SW</p> <p>CEO/I&T/taifid/SW</p>	<p>Próiseas deartha agus comhaontaithe le Tusla maidir leis an tionchar a bheidh ag an gcur i bhfeidhm</p> <p>Baint ag AAI leis na cinní faoin ábhar atá i dteachtairachtaí pobail, lena chinntiú go roinntear teachtaireachtaí fiúntacha, seasmhacha agus cruinne leis an bpobal agus le páirtithe áirithe a bhfuil baint acu le cúrsaí uchtála.</p> <p>Comhlachtaí creidiúnaithe a chur ar an eolas faoi athruithe a d'fhéadfadh tarlú maidir lena gcaidreamh leis an AAI agus le Tusla agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar an gcuid oibre</p> <p>Seimineáir agus Fóraim úsáidte chun faisnéis ar an tionchar a bheidh ag an mBille a choinneáil - láithreán gréasáin nuashonraithe agus foilsithe de réir mar is gá</p>	
--	---	---	---	---	--

<p>Ullmhúchán maidir le Faisnéis agus Faisnéis ar Reachtaíocht Rianaithe</p> <p>Impleachtaí ar Thaifid agus ar an Eagraíocht</p>	<p>Sonraí a chur i dtoll a chéile ar na suíomhanna agus eagraíochtaí aitheanta uile a bhaineann leis na próisis uchtála, altramaithe & leanaí do chur amach ar lóistín.</p> <p>Dul i gcomhairle leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála & an Coimisiún Imscrúdúcháin maidir le hÁrais Máithreacha agus Naíonán.</p> <p>Dul i gcomhairle leis an gCartlann Náisiúnta</p>	<p>R1</p> <p>R1</p> <p>R1</p>	<p>Taifid Aonad/CEO/I&T</p>	<p>Dréachtdoiciméad a bheith ann chun cinnteoireacht atá eolach a chinntiú maidir leis na acmhainní atá riachtanach an reachtaíocht nua a chomhlíonadh (cóiríocht do thaifid / don fhoireann / réitigh ICT maidir le rochtain agus scanadh srl.)</p> <p>Comhairle agus treoir ghairmiúil a fháil lena chinntiú go mbeidh an AAI curtha ar an eolas go hiomlán faoi na caighdeáin a éilítear maidir le taifid luachmhara a stóráil agus a chaomhnú</p>	<p>4.1</p> <p>4.2</p> <p>Réamhobair ar bun, cruinnithe le tríú páirtithe sceidealaithe</p>
<p>Cúraimí</p>	<p>Gníomhartha</p>	<p>Dáta</p>	<p>Aonad/Duine(daoine) atá freagrach</p>	<p>KPI-anna / Aschuir</p>	<p>Tagairt don Phlean Corparáideach - Aguisín a hAon</p>
	<p>Tionchar eagraíochtúil agus acmhainne na reachtaíochta nua a mheas a mhéid go dtéann sé i bhfeidhm ar rólanna agus freagrachtaí na foirne</p>	<p>R2</p>	<p>CEO/I&T/ Taifid/HR SW</p>	<p>Dréachtcháipéis i bhfeidhm ina leagtar amach an obair nach mbeidh mar chuid de shainchúram an AAI a thuilleadh, an fhoireann a mbainfidh sé leo, freagrachtaí nua a bheidh ag an AAI agus na hacmhainní a bheidh ag teastáil.</p> <p>Costálacha i bhfeidhm i ndáil leis na nithe uile thuas.</p>	<p>4.1</p> <p>4.2</p>

Ullmhúchán maidir leis an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 a chur i bhfeidhm	<p>Freastal ar Grúpa Feidhmithe DCYA</p> <p>Faisnéis sa Lámhleabhar Oibriúcháin a nuashonrú</p> <p>Eagraíocht agus comhlachtaí creidiúnaithe a chur ar an eolas faoi fhreagrachtaí na foirne faoin Acht nua</p> <p>Ráiteas maidir le Cosaint Leanaí nuashonraithe</p>	Ar lean	SW	Údarás ag comhlíonadh na reachtaíochta nua	4.1
Plean Gnó a Nuashonrú	Plean Gnó a athbhreithniú de réir mar a achtaítear píosáí nua reachtaíochta agus lena dheimhniú an bhfuil gá le haon athruithe móra	De réir mar a achtaítear reachtaíocht	CEO/Bord	Léirítear sa Phlean Gnó na hacmhainní atá ar fáil agus freagrachtaí an Údaráis.	4.1

Spríoc 5:

Eagraíocht atá éifeachtúil, inniúil agus atá ag foghlaim a chothabháil.

Cúraimí	Gníomhartha	Dáta	Aonad/Duine(daoine) atá freagrach	KPI-anna / Aschuir	Tagairt don Phlean Corparáideach - Aguisín a hAon
Oibriúcháin AD a chur chun cinn	<p>Plean comharbacht a ullmhú</p> <p>Sainchomhairleoirí AD a fháil ar bhonn ráta lae le haghaidh riachtanais chomhairleacha ad hoc</p>	<p>Ar lean</p> <p>R1</p>	Foireann Seirbhísí Corparáideacha AD	<p>Beidh sceideal ag an AAI maidir le a bhfuil sé i gceist acu imeacht as an AAI agus is féidir ullmhúcháin a dhéanamh maidir le daoine nua a chur ina n-ionad</p> <p>Comhairleoir AD ar fáil chun cuidiú le hearcaíocht agus aon saincheisteanna AD eile</p>	<p>5.5</p> <p>Teagmháil déanta le comhairleoirí</p>

Cúraimí	Gníomhartha	Dáta	Aonad/Duine(daoine) atá freagrach	KPI-anna / Aschuir	Tagairt don Phlean Corparáideach - Aguisín a hAon
---------	-------------	------	-----------------------------------	--------------------	---

	<p>acmhainní daonna</p> <p>Bunachar sonraí feidhmiúil a bheith ann le gur féidir taifead cuí a choinneáil ar shonraí pearsanta mar a cheanglaítear faoi Rialachán Dlí (SAGE) maidir le Rialachán na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí agus Rialachán Dlí Fostaíochta.</p> <p>An fhoireann AD a oiliúint maidir le hOibriúcháin AD a fháil</p>	Ar lean		<p>de réir mar a thagann siad chun cinn</p> <p>Beidh an AAI ag comhlíonadh na reachtaíochta ábhartha go léir.</p> <p>Beidh an Fhoireann san aonad AD eolach maidir le saincheisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn don fhoireann agus in ann déileáil leo sin ar an bpointe agus go héifeachtúil</p>	
Plean Oiliúna i bhfeidhm don fhoireann uile don bhliain 2017	<p>Plean curtha i dtoll a cheile ag an bhFoireann AD, an Fhoireann uile curtha ar an eolas faoi</p> <p>Buiséad a leithdháileadh le gach Bainisteoir Foirne dá fhoireann</p> <p>Suirbhé a dhéanamh ar an bhFoireann chun bunachar sonraí maidir le cailíochtaí agus taithí foirne a bhunú</p>	<p>R1</p> <p>R1</p>	<p>Ceann Comhlíontachta agus Acmhainní/AD Foireann</p> <p>Aonad Bainisteoirí</p>	<p>Oiliúint ghinearálta le cur ar fáil don fhoireann uile ar IT bunúsach</p> <p>Aghaidh tugtha ar iarrataí déanta faoin bpróiseas athbheithnithe ar fheidhmíocht</p> <p>Oilfear an Fhoireann ag leibhéil chuí sa chaoi is go mbeidh said in ann a gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh agus lena chinntiú go bhfuil AAI ag comhlíonadh reachtaíochta maidir le cosaint sonraí, sláinte agus sábháilteacht</p> <p>Beidh daoine a bhfuil go leor scileanna acu ar fáil a d'fhéadfaí a úsáid chun gníomhaíocht na foirne a éascú agus eolas maidir le cúrsaí corparáide a chaomhnú</p>	<p>5.4</p> <p>Tosaithe i mBliain 1 - pleananna le cur i bhfeidhm i mBliain 2 agus athbheithniú a dhéanamh ag deireadh Bliain 2</p> <p>Le tosú Bliain 1 - curtha siar go dtí Bliain 2</p>

Timpeallacht Foghlama a chothabháil	Socraíodh ceardlanna agus seimineáir inmheánacha agus spreagtar an fhoireann chun freastal orthu agus páirt a ghlacadh iontu Ballraíochtaí gairmiúla a thacú /CPD d'fhoireann lena mbaineann Taifead a choinneáil ar fhreastal agus ar rannpháirtíocht AAI ag imeachtaí seachtracha	Ar lean	AD/Seirbhís Corparáideacha SW	Tacóidh an eagraíocht le foireann a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu atá in úsáid acu chun a ról san AAI a dhéanamh agus leanfaidh siad lena n-oiliúint ghairmiúil a uasdátú	5.4 & 3.7.3
An post mar Stiúrthóir Oibriúcháin agus Corparáideach a líonadh	Cead le fáil chun an post a líonadh	R1	AD	Aistriú gan uaim chuig post, ??	5.5

Cúraimí	Gníomhartha	Dáta	Aonad/Duine(daoine) atá freagrach	KPI-anna / Aschuir	Tagairt don Phlean Corparáideach - Aguisín a hAon
Seirbhísí	Cead le fáil le gur féidir tréimhse aistrithe a dhéanamh Post fógartha i mí na Lúnasa agus ceapachán déanta go luath i mí Mheán Fómhair	R1 R3	AD AD/CEO/ Cathaoirleach	??	

<p>Luach iomlán ar airgead a chinntiú maidir le hacmhainní leithdháilte.</p>	<p>Foireann AAI a bhfuil páirt acu le caiteachas oilte i nósanna imeachta agus reachtaíocht soláthair cuí</p> <p>Faisnéis ar an gcéanna a scaipeadh ar an bhfoireann uile</p> <p>Nuashonrú airgeadais láimhe</p>	<p>R1</p> <p>R3</p>	<p>Seirbhísí Corparáideacha/SMT/Airgeadas</p>	<p>Comhlíonfaidh an AAI reachtaíocht soláthair agus aithneofar an AAI mar eagraíocht a chinntíonn luach iomlán ar airgead.</p> <p>Cuntais Bainistíochta / Athraitheas Tuarascálacha anailíse chuig an gCoiste um Iniúcháireacht agus Measúnú Riosca agus Bord ina dhiaidh sin.</p> <p>Tuarascáil ar Rialuithe Airgeadais Inmheánacha 2016 chuig Bail.</p> <p>Tuarascálacha Athraithe chuig DCYA ar bhonn míosúil chun leithdháileadh a tharraingt anuas. Seiceálacha ar luach ar airgead laistigh de Phlean Inmheánach.</p> <p>Athbhreithniú a dhéanamh ar Phlean Soláthair Corparáideach ar bhonn bliantúil.</p> <p>Iniúcháireacht Sheachtrach Neamhspleách ar bhonn bliantúil agus tuairim iniúcháireachta sa Tuarascáil Bhliantúil.</p>	<p>5.6</p>
<p>Cothabháil a dhéanamh ar na caighdeáin is airde ó thaobh rúndacht sonraí agus ionracas sonraí.</p>	<p>Oiliúint a chur ar an bhFoireann agus a chur ar an eolas faoi chaighdeáin a éilítear i ndáil le Cosaint Sonraí, Bainistíocht taifead, rúndacht agus sláine sonraí</p>	<p>Ar lean</p>	<p>Seirbhísí Corparáideacha & an fhoireann uile</p>	<p>Reachtaíocht maidir le Cosaint Sonraí a chomhlíonadh go hiomlán</p> <p>Reachtaíocht FOI a chomhlíonadh go hiomlán</p> <p>Rúndacht iomlán agus cleachtas maidir le bainistíocht, sábháilteacht agus cartlannú na sonraí uile</p>	<p>5.3</p>

Cúraimí	Gníomhartha	Dáta	Aonad/Duine(daoine) atá freagrach	KPI-anna / Aschuir	Tagairt don Phlean Corparáideach - Aguisín a hAon
Comhlíonadh iomlán a chinntiú leis an gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú	Ceanglais chomhlíonta a chur in iúl d'aonaid chúí	R2 agus de réir mar is gá ina dhiaidh sin	Ceann Comhlíontachta agus Acmhainní /CE O/Cathaoirleach	Comhlíonadh leis an CPGSB faoin 1 Meán Fómhair 2017	5.1.1
	Plean Iniúchta Inmheánaigh chun seiceálacha maidir le comhlíonadh i gcoinne an Chóid a áireamh	R3	Ceann Comhlíontachta agus Acmhainní /RA C	Comhlíonadh leis an CPGSB faoin 1 Meán Fómhair 2017	5.1.2
	Aon neamhchomhlíonadh leis an gCód a shainaithint agus a thuairisciú chuig RAC agus Bord	Ar lean	Ceann Comhlíontachta agus Acmhainní /CE O/	Comhlíonadh leis an CPGSB faoin 1 Meán Fómhair 2017	5.1.3

Aguisín a hAon - Liosta Cúraimí an Phlean Chorporáidigh

SPRIOC	"An caighdeán is airde agus is féidir a bhaint amach i rialú agus i bhfeidhmiú seirbhísí uchtála in Éirinn."
1.1	Tacú le agus maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt seirbhísí uchtála cuimsitheacha, atá ar ardchaighdeán agus comhtháite lenár bpríomhchomhpháirtithe reachtúla agus neamhreachtúla.
1.1.1	Caighdeán náisiúnta a chur chun cinn i seirbhísí uchtála a thosaítear trí fhochoiste Boird a bhunú
1.1.2	
1.1.3	Foirmeacha an Achta um Pósadh a athbhreithniú agus a athdhearadh de réir mar is cuí.
1.1.4	Foirmeacha maidir leis an mBille um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh a athbhreithniú agus a athdhearadh de réir mar is cuí.
1.1.5	Foirmeacha a chur ar fáil agus a scaipeadh ar úsáideoirí
1.1.6	Teimpeáid maidir le Tuarascáil Cigearachta a thabhairt chun críche
1.1.7	Sceideal maidir le Cigearachtaí na gComhlachtaí Creidiúnaithe a ullmhú
1.1.8	Spotseiceáil maidir le rialú cáilíochta a dhéanamh ar bhonn míosúil.
1.1.9	Creataí maidir le faisnéis agus rianú, uchtáil idir tíre agus uchtáil bhaile a athbhreithniú (sonraí sa Phlean Gnó)
1.2	Caidreamh éifeachtach a bhunú le lucht úsáide na seirbhíse agus lena gcuid ionadaithe, soláthróirí seirbhíse, lucht déanta beartas agus leis an Rialtas le caighdeán na seirbhísí uchtála a fheabhsú ar bhonn leanúnach.
1.2.1	Mapáil Páirtithe Leasmhara a ullmhú
1.2.2	Sceideal CEO maidir le rannpháirtíocht leis na páirtithe leasmhara uile
1.2.3	Plean Bliantúil d'fhóraim agus comhdhálacha le haghaidh páirtithe leasmhara (mí na Nollag gach bliain)
1.2.4	Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara i ndearadh an láithreáin gréasáin nua
1.2.5	Dul beo, agus láithreán gréasáin nua a chur chun cinn
1.2.6	Comhairliúchán Páirtithe Leasmhara maidir le himpleachtaí a bhaineann le hathruithe reachtúla - de réir mar is gá.
1.2.7	Suirbhé do Pháirtithe Leasmhara
1.2.8	Cuireann an CEO tuarascáil maidir le cumarsáid le páirtithe leasmhara chuig an mBord ar bhonn míosúil.
1.3	Athchreidiúnú agus athchlárú a dhéanamh i gcomhair rialacháin cheadaithe, gach gníomhaireachta a chuireann seirbhísí uchtála ar fáil.

1.3.1	Prótacal / gnás maidir leis an bpróiseas athchreidiúnaithe a chur i dtoll a chéile
1.3.2	An próiseas athchreidiúnaithe a chur i bhfeidhm
1.3.3	Córas rabhcháin i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fhéintuairisciú
1.3.4	Tuarascáil Mhíosúil chuig an mBord maidir le próiseas athchreidiúnaithe
SPRIOC	"Cinnteoireacht atá eolach agus cothrom a chur i bhfeidhm sna seirbhísí uchtála, de réir an dlí náisiúnta agus idirnáisiúnta agus sárchleachtas atá bunaithe ar fhianaise."

2.1	Cinntí atá eolach agus tráthúil a dhéanamh maidir le 1) dearbhuithe incháilitheachta agus oiriúnachta chun uchtáil a dhéanamh a dheonú 2) orduithe uchtála a dhéanamh 3) orduithe uchtála idir tíortha a aithint 4) Tarchur Airteagal 17.
2.1.1	Cáipéisíocht atá soiléir agus gonta curtha faoi bhráid an Bhoird
2.1.2	Nuashonraítear lámhleabhair oibriúcháin de réir mar is gá agus cloítear leis.
2.1.3	Cumarsáid éifeachtach a choinneáil le CFA
2.1.4	Cinntí roinnte déanta laistigh de 6 seachtaine.
2.2	Gach Clár a Choinneáil.
2.2.1	Próiseáil tráthúil agus chruinn maidir le hiarratais, iontrálacha agus sleachta ón gclár, laistigh de 6 seachtaine.
2.2.2	GRO a chur ar an eolas sa chás go dtarlaíonn uchtálacha baile laistigh de sheachtain ón dáta a ceadaíodh iad.
2.2.3	Doiciméid NACPR cláraithe agus meaitseanna tugtha ar aird laistigh de 2 sheachtain
2.2.4	Cuirtear Tuarascálacha Staitisticí i dtoll a chéile agus faoi bhráid an Bhoird ar bhonn míosúil
2.2.5	Córas maidir le Bainistíocht Doiciméad comhtháite / Bunachar sonraí a fhorbairt
2.2.6	Seicliosta maidir le hathbhreithniú ar bharda chuig RAC - ar Bhonn Ráithiúil
2.3	Cinntí atá eolach agus tráthúil a dhéanamh maidir le scaoileadh faisnéise aitheantais d'uchtaithe fásta agus do thuismitheoirí breithe.
2.3.1	Cur síos a dhéanamh ar fhaisnéis aitheantais agus é a chur faoi bhráid an Bhoird
2.3.2	Iarraidh ar theastais bhreithe a scaoileadh curtha ar aghaidh chuig Bord laistigh de 6 seachtaine ón dáta a fuarthas an tuarascáil
2.4	Cothabháil a dhéanamh ar chaidreamh cuiditheach leis na comhpháirtithe go léir agus cothabháil náisiúnta agus idirnáisiúnta a fhorbairt a chuireann na caighdeán is airde is féidir chun cinn i leith na huchtála agus i leith na seirbhísí a bhaineann le huchtáil.
2.4.1	Cuairteanna allamuigh straitéiseacha atá cuimsitheach agus ullmhaithe go maith a shocrú chuig tíortha tionscnaimh chun an caidreamh agus cláracha atá ann cheana féin a neartú agus féachaint chun caidreamh agus cláracha nua a fhorbairt.

2.4.2	Cruinniú a thionól roimh gach cuairt
2.4.3	Mioncheistiú a dhéanamh ar an Tuarascáil leis an mBord & Feidhmeannach i ndiaidh na cuairte
2.4.4	Páirt a ghlacadh i dTeileachomhdháil Béarla ar bhonn ráithiúil
SPRIOC	“Eolas a chur ar fáil do bheartas uchtála agus do sheachadadh seirbhíse trí thuiscint phraiticiúil ar oibríochtaí na reachtaíochta trí chreat cuimsitheach faisnéise, taighde agus cumarsáide a sholáthar.
3.1	Dul i mbun cainte go réamhghníomhach le páirtithe leasmhara uile
3.1.1	Suirbhé do Pháirtithe Leasmhara (de réir cúram 1.2.7 thuas)
3.1.2	Fóraim agus comhdhálacha (de réir cúram 1.2.3 thuas)
3.1.3	Formáid rannpháirtíochta struchtúrtha comhaontaithe leis an Roinn
3.1.4	Formáid rannpháirtíochta struchtúrtha comhaontaithe le Tusla
3.1.5	Plean rannpháirtíochta struchtúrtha le grúpaí tacaíochta
3.1.6	Plean rannpháirtíochta struchtúrtha le grúpaí tacaíochta
3.1.7	Bord ar an eolas
3.1.8	Céimeanna nua uile atá beartaithe a ionchorprú sa Plean Gnó
3.2	Straitéis éifeachtach cumarsáide a fhorbairt agus a chaomhnú
3.2.1	Plean Cumarsáide ina bhfuil straitéisí agus gnásanna cumarsáide doiciméadaithe agus comhaontaithe.
3.2.2	An Fhoireann le cloí le cairt seirbhís do chustaiméirí
3.2.3	Leanadh den phróiseas rannpháirtíochta struchtúrtha (de réir 3.1 thuas)
3.3	An láithreán gréasáin le bheith ina phríomhfhoinsé faisnéise do na páirtithe leasmhara go léir agus don phobal i gcoitinne.
3.3.1	Láithreán gréasáin nua a athdhearadh agus a sheoladh
3.3.2	Láithreán gréasáin a nuashonrú lena chinntiú go gcuirfear gach faisnéis nua amach go tráthúil
3.3.3	Ceisteanna ar an bhfón a nascadh le rannán FAQ an láithreáin gréasáin nó bearnaí faisnéise
3.3.4	Máistir gréasáin agus beirt eile atá lán-oilte maidir le cothabháil láithreán gréasáin a cheapadh.
3.3.5	Tuarascálacha Staitisticí don Tuarascáil Ráithiúil a ullmhú
3.3.6	Logáil ar ghlaonna gutháin a choinneáil agus a chur chuig máistir gréasáin

3.4	Faisnéis staitistiúil agus gnéithe pleanála/forbartha maidir le seirbhísí a sholáthar a choinneáil.
3.4.1	Cur síor ar riachtanais do bhunachar sonraí nua a ullmhú
3.4.2	Sonraí comhthiomsaithe a athbhreithniú
3.4.3	Riachtanais na Tuarascála Bliantúla reatha a shásamh
3.5	Leanúint de thabhairt faoi dheiseanna taighde agus acmhainneacht taighde agus iad a chur chun cinn.
3.5.1	Taighde ICGP le foilsiú i R1 2016
3.5.2	Rinneadh obair leantach struchtúrtha ar thaighde a rinneadh agus eolaire ar sheirbhísí iaruchtála a chur i dtoll a cheile le linn R3 2016
3.5.3	Tograí taighde nua curtha faoi bhráid an CEO
3.5.4	Foilseacháin a chur faoi bhráid an Bhoird lena gceadú de réir mar is gá
3.6	Tacú le Ranna Rialtais beartas agus reachtaíocht a bhaineann le huchtáil a fhorbairt.
3.6.1	Freagra a thabhairt ar iarrataí ón Roinn
3.6.2	Formáid rannpháirtíochta struchtúrtha leis an Roinn (de réir tasc 3.1.3 thuas)
3.6.3	Grúpa saineolaithe a thionól laistigh den Údarás chun aiseolas a chur i dtoll a chéile don Rialtas de réir mar is gá
3.6.4	Bord a chur ar an eolas faoi na saincheisteanna uile a d'easródh ón reachtaíocht agus polasaí
3.6.5	Moltaí le cur ar aghaidh ag an mBord chuig an Roinn maidir le hathruithe a thioctaidh ar pholasaí agus reachtaíocht
3.6.6	Tuarascálacha Bliantúla a Ullmhú
3.7	Anailís agus díospóireacht eolach agus breithnithe a chur chun cinn maidir le saincheisteanna uchtála.
3.7.1	A chinntiú go scaiptear an leabhar preasa gach seachtain
3.7.2	An fhoireann a chur ar an eolas agus cuireadh a thabhairt dóibh a bheith i láthair ag imeachtaí a bhaineann le cúrsaí uchtála
3.7.3	Taifead a choinneáil ar fhreastal agus ar rannpháirtíocht AAI ag imeachtaí seachtracha
SPRIOC	Pleanáil d'athruithe agus athruithe a chur i bhfeidhm atá riachtanach ó thaobh beartais eagraíochta agus nósanna imeachta oibríochta ag teacht le hathruithe reachtaíochta atá ag teacht chun cinn.
4.1	A bheith um ullamh agus in ann dul in oiriúint don 1)Acht um Chaidrimh Teaghlaigh agus Leanaí 2015 2)Acht um Reifreann maidir le Leanaí 2015, 3) Bille um Fhaisnéis agus Lorgaireacht 2015, gach réimse oibre eile an AAI lena mbaineann
4.1.1	Athruithe ó reachtaíocht san Acht CFR agus san Acht um Pósadh a ionchorprú san Acht Uchtála 2010

4.1.2	Notaí inmheánacha treorach a ullmhú do Reachtaíocht an Achta CFR agus an Achta um Pósadh
4.1.3	Notaí inmheánacha treorach a ullmhú don reachtaíocht ábhartha
4.1.4	Notaí seachtracha treorach a ullmhú do reachtaíocht an Achta CFR agus an Achta um Pósadh
4.1.5	Notaí seachtracha treorach a ullmhú don reachtaíocht ábhartha
4.1.6	Tuarascáil Tionchair ar acmhainní atá ann faoi láthair ó athruithe sa reachtaíocht - de réir mar is gá
4.1.7	Seicliosta feidhmithe curtha chuig an mBord ar bhonn míosúil sa Tuarascáil don CEO
4.1.8	Riachtanais athraithe a ionchorprú sa Phlean Gnó
4.2	A bheith ullamh d'aon athruithe maidir le feidhm reachtúil an Údaráis a d'fhéadfadh tarlú trí aon athruithe reachtúla eile.
4.2.1	De réir 4.1 (agus cúraimí gaolmhara uile) de réir mar is gá
SPRIOC	"Eagraíocht atá éifeachtúil, inniúil agus atá ag foghlaim a chothabháil."
5.1	Comhlíonadh iomlán an Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a chinntiú.
5.1.1	Ceanglais chomhlíonta a chur in iúl d'aonaid chúí - ceanglais tosaigh agus ceanglais leanúnacha ina dhiaidh sin.
5.1.2	Plean Iniúchta Inmheánaigh chun seiceálacha maidir le comhlíonadh i gcoinne an Chóid a áireamh
5.1.3	Aon neamhchomhlíonadh leis an gCód a shainiú agus a thuairisciú chuig RAC agus Bord
5.2	Creat láidir maidir le Bainistíocht Riosca a Choinneáil
5.2.1	Creat maidir le Bainistíocht Riosca agus Polasaí Riosca a choinneáil agus a leasú ar bhonn bliantúil
5.2.2	Clár Riosca a Choinneáil
5.2.3	Plean Iniúchta Inmheánaigh chun iniúchtaí agus measúnachtaí ar Riosc atá comhaontaithe le RAC a sceidealú
5.2.4	Iniúcháir Inmheánach chun iniúchadh a dhéanamh ar Riosca san Údarás (de réir an Phlean Iniúchta Inmheánaigh)
5.2.5	Tuarascáil Bhliantúil ó RAC chuig Bord
5.3	Cothabháil a dhéanamh ar na caighdeáin is airde ó thaobh rúndacht sonraí agus ionracas sonraí.
5.3.1	Polasaí chun doiciméid a rangú a bhunú
5.3.2	An fhoireann a chur ar an eolas agus oiliúint a chur uirthi faoin bpolasaí nua a chur i bhfeidhm
5.3.3	Slándáil IT á leasú agus le glacadh
5.3.4	Polasaí IT a dhréachtú, a chomhaontú agus a chur i bhfeidhm

5.3.5	Measúnachtaí ionracas agus rúndacht sonraí le cur san áireamh sa Phlean don Iniúchadh Inmheánach
5.4	An tÚdarás le timpeallacht foghlama a chothabháil ina bhfreastalaítear go hiomlán ar riachtanais inniúlachta agus oiliúna.
5.4.1	Pleananna Oiliúna agus Forbartha le cur i dtoll a chéile
5.4.2	Coimeád líon iomlán foirne de réir mar is gá
5.4.3	Scileanna agus inniúlachtaí speisialta atá ag teastáil ón Údarás a shainaithint agus taifead scileanna a chruthú / a nuashonrú ar bhonn leanúnach
5.4.4	Comhlíonadh iomlán a chinntiú le PMDS
5.4.5	Déantar monatóireacht leanúnach ar chomhlíonadh na dtreoracha maidir le Tús Áite do Leanaí
5.5	Cothabháil a dhéanamh ar Phlean Comharbachta
5.5.1	Plean Comharbachta a ullmhú don Údarás agus é a athbhreithniú agus a leasú de réir mar is gá ar bhonn bliantúil
5.6	Luach iomlán ar airgead a chinntiú maidir le hacmhainní leithdháilte.
5.6.1	Iniúchtaí, ar luach maith ar airgead iad, a dhéanamh trí Phlean don Iniúchadh Inmheánach
5.6.2	Cloígh leis an mBeartas Soláthair agus déan athbhreithniú air ar bhonn bliantúil faoi réir sheiceáil iniúchta inmheánaigh
5.6.3	Tuarascálacha ar Anailís Athraithe a chur chuig an Roinn ar bhonn míosúil
5.6.4	Tuarascálacha ar Anailís Athraithe a chur faoi bhráid an Bhoird ar bhonn míosúil ó R2 2016
5.6.5	Tuarascáil Bhliantúil ar Rialuithe Airgeadais Inmheánacha
5.7	Coinníonn an tÚdarás agus glacann páirt ghníomhach le Feidhm neamhspleách Iniúchta Inmheánaigh
5.7.1	Cairt iniúchta inmheánaigh a cheadú, a chur i bhfeidhm agus a leasú ar bhonn bliantúil
5.7.2	Plean Iniúchta Inmheánaigh ceadaithe ag RAC agus curtha i bhfeidhm agus leasaithe de réir mar is gá gach bliain
5.7.3	Tuarascáil ar Fheidhm Iniúchta Inmheánaigh a áireamh sa Tuarascáil Bhliantúil ó RAC chuig Bord
	Athbhreithniú Bliantúil ar Phlean Corparáideach